


An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Cigireacht Ábhair ar an Spáinnis
TUAIRISC

Gaelcholáiste an Phiarsaigh
Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14
Uimhir Rolla: 68161H

Dáta na cigireachta: 8 Aibreán 2016



TUAIRISC
AR
CHÁILÍOCHT NA FOGHLAMA AGUS AN TEAGAISC SA SPÁINNIS

EOLAS MAIDIR LEIS AN GCIGIREACHT

Dáta na cigireachta	8 Aibreán 2016
Na gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu <ul style="list-style-type: none">• Athbhreithniú ar cháipéisí ábhartha• Plé leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí• Caidreamh le scoláirí	<ul style="list-style-type: none">• Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim i rith dhá thréimhse ranga• Athbhreithniú ar obair na scoláirí• Aiseolas don phríomhoide agus do na múinteoirí

PRÍOMHCHINNTÍ

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh ar fheabhas.
- D'úsáid an múinteoir an sprioctheanga i gcónaí agus bhí na scoláirí compordach ag éisteacht léi agus ag úsáid na sprioctheanga ar bhealach a bhí oiriúnach dá leibhéal cumais.
- Comhtháthaíodh na ceithre scil theanga sna ceachtanna agus breathnaíodh go leor samplaí de straitéisí mheasúnú chun foghlama.
- Bhí an úsáid a baineadh as teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) an-éifeachtach agus chomhtháthaigh an múinteoir agus na scoláirí sna ceachtanna í.
- Tá soláthar an ábhair agus tacaíocht na scoile uile don Spáinnis an-mhaith.
- Tá planáil an ábhair sa Spáinnis an-mhaith ag leibhéal roinne agus ag leibhéal an mhúinteora aonair, araon.

PRÍOMH-MHOLTAÍ

- Níl aon mholtaí ag an tráth seo maidir le teagasc agus foghlaim na Spáinnise.

RÉAMHRÁ

Meánscoil dheonach chomhoideachais is ea Gaelcholáiste an Phiarsaigh, a fhreastalaíonn ar scoilcheantar uirbeach i ndeisceart Bhaile Átha Cliath. Tá sé faoi phátrúnacht ag an bhForas Pátrúnachta. Scoil nua í agus tá sí ina dara bliain anois agus 53 scoláire ar an rolla. Múinteoir amháin atá sa roinn Spáinnise. Cuireann an scoil clár an Teastais Shóisearaigh ar fail faoi láthair ach cuirfear cláracha na sraithe sinsearaí ar fail de réir mar a fhásann an scoil.

TEAGASC AGUS FOGHLAIM

- Bhí cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sna ceachtanna a breathnaíodh ar fheabhas.
- D'úsáid an múinteoir an sprioctheanga i gcónaí agus bhí na scoláirí compordach ag éisteacht léi agus ag úsáid na sprioctheanga ar bhealach a bhí oiriúnach dá leibhéal cumais. Bhí an úsáid a bhain na scoláirí as an sprioctheanga inmholta. D'úsáid scoláirí an Spáinnis go minic leis an múinteoir agus ina measc féin i rith ceachtanna.
- Baineadh úsáid iontach as amhráin agus cluichí teanga chun an fhoghlaim a atreisiú agus a athbhreithniú agus chun rannpháirtíocht scoláirí a spreagadh.
- Úsáideadh amhráin go héifeachtach mar cheacht éisteachta inar iarradh ar scoláirí foclóir a sealbhaíodh le déanaí a aithint. Treisíodh an foclóir ansin le ceachtanna ó bhéal i mbeirteanna.
- Úsáideadh drámaíocht go héifeachtach chun gnóthachtáil teanga a dhaingniú. Scríobh na scoláirí rólímirt a bhain go díreach leis an ábhar a raibh staidéar á dhéanamh air. Chuir roinnt scoláirí i láthair an ranga iad agus d'úsáid roinnt eile a dtáibléid leictreonacha chun taifeadh agus anailís a dhéanamh ar an rólímirt.
- Comhtháthaíodh sna ceachtanna na ceithre scil theanga. Tugadh faoi ghníomhaíochtaí ó bhéal go minic, agus bhí scoláirí in ann iad féin a chur in iúl go compordach sa sprioctheanga.
- Bhí an úsáid a baineadh as TFC i gceachtanna an-éifeachtach. Chomhtháthaigh an múinteoir agus na scoláirí TFC sna ceachtanna. Tá táibléad leictreonach ag gach scoláire agus d'úsáid siad iad go rialta sna ceachtanna faoi threoir an mhúinteora. Fuair siad rochtain ar ardán foghlama roinnte na scoile agus rinneadh taighde ar line chun gníomhaíochtaí ranga a chomhlíonadh. Breathnaíodh fianaise gur úsáideadh táibléid leictreonacha sna ceachtanna obair bhaile chomh maith. Bhí caighdeán obair na scoláirí ar a dtáibléid leictreonacha an-ard.
- I gceacht amháin, réitigh na scoláirí cur i láthair leictreonach don obair bhaile agus mhúin siad an t-ábhar do thuismitheoir nó caomhnóir sa bhaile. Ansin mhúin siad don rang é. Bealach an-éifeachtach a bhí anseo chun rannpháirtíocht agus foghlaim an scoláire a chur chun cinn.
- Bhí bainistíocht an tseomra ranga iontach i gcónaí. Bhain na scoláirí taitneamh as a gceachtanna agus bhí siad rannpháirteach an t-am go léir. Bhain an múinteoir úsáid an-éifeachtach as moladh agus breathnaíodh gur mhothaigh na scoláirí go raibh ardmheas orthu sa seomra ranga.
- Bhí go leor samplaí d'obair na scoláirí le feiceáil sa seomra ranga Spáinnise. Bhí leabhar filíochta ar taispeáint ina raibh samplaí de dhánta i Spáinnis a scríobh na scoláirí. Bhí na scoláirí an-bhródúil as a gcuid oibre agus chuidigh sé seo lena suim sa teanga.

- Breathnaíodh go leor samplaí de straitéisí mheasúnú chun foghlama. Roinneadh spriocanna foghlama leis na scoláirí ag tús gach ceachta. Chuathas siar orthu seo agus rinneadh athbhreithniú orthu ag an deireadh. Choinnigh scoláirí taifead amhairc ar a ndul chun cinn san fhoghlaim i bhfoirm graf ar a dtáibléid. Bhain an múinteoir úsáid an-éifeachtach as straitéisí ceistiúcháin chun dul chun cinn scoláirí a mheas. Chonacthas fianaise d'fhéinmheasúnú scoláire agus piarmheasúnú faoi threoir an mhúinteora. Úsáideadh moltaí foirmitheacha go rialta in obair scríofa scoláirí ionas go bhfeabhsódh a gcuid oibre.
- Breathnaíodh samplaí den litearthacht i gcomhthéacs agus den uimhearthacht i gceachtanna. Comhtháthaíodh gramadach i gceachtanna de réir mar a tháinig sí chun cinn san ábhar idir lámha. Áiríodh cluichí teanga i bpleanáil na gceachtanna le cur ar chumas scoláirí a scileanna uimhearthachta a fhorbairt.

SOLÁTHAR AN ÁBHAIR AGUS TACAÍOCHT NA SCOILE UILE

- Tá an soláthar curaclaim don Spáinnis an-mhaith. Tugtar sampláil ghearr de gach ábhar do na scoláirí ar fad ag tús na chéad bhliana; cuidíonn sé seo leo a gcuid ábhar a roghnú. Tá sé éigeantach staidéar a dhéanamh ar theanga sa tsraith shóisearach agus féadfaidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar níos mó ná teanga nua-aimseartha amháin.
- Tá pleanáil traschuraclaim an-mhaith sa scoil agus naisc leis an Spáinnis san áireamh i bpleananna ábhair eile. Pleanáiltear gníomhaíochtaí comhchuraclaim rialta i rith na bliana.
- Bhunaigh an scoil naisc le scoil i Meiriceá Theas agus tá clár malartaithe i bhfeidhm le scoil sa Spáinn. Tá sé inmholta go bhfuil na naisc seo bunaithe chomh luath i saol na scoile.
- Déantar measúnú ar scoláirí go foirmiúil trí scrúduithe Nollag agus samhraidh agus scrúduithe ranga rialta. Déantar measúnú ar na ceithre scil i rith na bliana.
- Tá an soláthar acmhainní don Spáinnis an-mhaith.
- Tá an múinteoir Spáinnise an-díograiseach faoi forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL). Tá tionchar an-dearfach aige seo ar an bpobal foghlama. Tacaíonn bainistíocht na scoile go gníomhach le FGL.

PLEANÁIL AGUS ULLMHÚCHÁN

- Tá pleanáil an ábhair sa Spáinnis an-mhaith. Tá pleananna bunaithe ar théama agus faoi cheangal ama do gach bliainghrúpa agus áirítear iontu cuspóirí agus torthaí foghlama. Déantar tagairt do mhodheolaíochtaí teagaisc, acmhainní agus measúnuithe do gach téama agus difreáiltear iad seo le freastal ar ghrúpaí cumais éagsúla. D'fhéadfaí na pleananna a fheabhsú a thuilleadh trí hipearnaisc a chur isteach sa phlean go díreach chuig na hacmhainní ar thiomántán roinnte na scoile. D'fheabhsódh sé seo feidhmiúlacht an phlean do mhúinteoirí.
- Reáchtáiltear cruinnithe ábhair gach téarma agus glactar miontuairiscí cuí. Áirítear orthu seo athbhreithniú agus anailís ar dhul chun cinn scoláirí agus úsáidtear na torthaí ón anailís seo mar bhonn agus taca le pleanáil ábhair don todhchaí.
- Bhí an phleanáil agus réiteach aonair do na ceachtanna ar ard chaighdeán.

- Tá coinneáil taifead ag leibhéal roinne agus ag leibhéal an mhúinteora aonair an-mhaith.
- Cuirtear tuismitheoirí ar an eolas maidir le dul chun cinn a leanaí trí thuiriscí scoile, cruinnithe tuismitheoirí-múinteoirí, tráthnóna faisnéise agus dialann an scoláire. Gné rialta d'obair bhaile na scoláirí is ea an obair a chur i láthair tuismitheoirí agus cuireann sé seo ar an eolas iad maidir lena ndul chun cinn chomh maith.

Ag deireadh na meastóireachta, pléadh dréachtchinntí agus dréachtmholtaí na meastóireachta seo leis an bpríomhoide agus leis na múinteoirí ábhair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuirim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.